



Turas Foghlama Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

1ú Bliain

Plé le torthaí foghlama agus le snáitheanna Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim



2ú Bliain

Plé le torthaí foghlama agus le snáitheanna Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim

Measúnú Rangbhunaithe 1 *Gnó á Chur i nGníomh*

Cruinniú in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair



3ú Bliain

Plé le torthaí foghlama agus le snáitheanna Measúnú foirmitheach ag tacú leis an bhfoghlaim

Measúnú Rangbhunaithe 2 *Cur i Láthair*

Cruinniú in Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Tasc Measúnaithe

Scrúdú Deiridh

Cén áit a bhfaighinn breis eolais?

www.curriculumonline.ie

Is é seo suíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mar a bhfaighidh tú príomhdhoiciméid amhail an Creat don tSraith Shóisearach (2015), sonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí agus Treoirínte Measúnuithe Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí.

www.juniorcycle.ie

Faightear anseo Uirlisí Úsáide an Mheasúnaithe a dearadh chun tacú agus chun cabhrú le múinteoirí ina gcuid oibre ar mheasúnú sa tsraith shóisearach.

www.jct.ie

Is é seo suíomh gréasáin sheirbhís tacaíochta an SSM. Is é an aidhm atá ag an SSM tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach d'ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus trí acmhainní éifeachta teagaisc agus foghlama a chur ar fáil.

www.examinations.ie le haghaidh ábhair scrúduithe samplacha.

Laistigh de do roinn féin ar scoil, cuirtear comhoibriú le comhghleacaithe teagaisc chun cinn trí chruinnithe AFMÁ agus tríd an am gairmiúil a roinnt eadraibh.

Tá foireann de chomhairleoirí lánaimseartha Staidéar Gnó ag an SSM ar féidir teagmháil r-phoist a dhéanamh leo ag info@jct.ie



Lean @JCforTeachers ar Twitter
[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers

An tSraith
Shóisearach
Eolas ar an
Staidéar
Gnó




Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí Eolas do Mhúinteoirí

Tugtar chun beatha saol dinimiciúil agus fuinniúil an Staidéir Ghnó sa seomra ranga trí rannpháirtíocht agus plé gníomhach le gníomhaíochtaí méithe atá bunaithe ar chomhthéacsanna ábhartha, comhaimseartha. Leagann an Staidéar Gnó an dúshraith le haghaidh litearthacht airgeadais fad saoil agus músclaíonn sé spéis chun foghlaim faoi shaol an ghnó agus faoin ngeilleagar agus an chaoi a n-imríonn siad tionchar ar ár saol laethúil, spéis a mhairfidh ar feadh an tsaol.

Na Trí Shnáithe

Tá trí snáithe idircheangailte i sonraíocht nua an Staidéir Ghnó.



Díríonn **Airgeadas Pearsanta** ar scoláire a bheith ag déanamh cinntí eolasacha chun a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach agus go freagrach.

Spreagann **Fiontraíocht** an scoláire chun deiseanna a shainaithint agus forbraíonn tuiscint ar fheidhmeanna airgeadais, margaíochta agus oibriúcháin eagraíochta.

Cuireann **Ár nGeilleagar** ar chumas an scoláire an caidreamh dinimiciúil idir cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a thuiscint.

Torthaí Foghlama

Tá 37 toradh foghlama ann thar na trí shnáithe agus roghnaíonn múinteoirí torthaí foghlama ó gach ceann de na snáitheanna sa chéad, dara agus tríú bliain. Cuireann torthaí foghlama síos ar **an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna** a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí.

Conas atá an measúnú ag athrú?

Is é sprioc an mheasúnaithe ag an gcéim seo san oideachas tacú leis an bhfoghlaim agus feabhas a chur uirthi. Leagtar béim láidir sa tSraith Shóisearach ar mheasúnú mar chomhpháirt den phróiseas foghlama agus tacaítear le cur chuige níos éagsúla i leith an mheasúnaithe.

Cruthóidh an measúnú i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí an deis is fearr do scoláirí a bheith ina rannpháirtithe machnamhacha agus gníomhacha ina gcuid foghlama. Gheobhaidh na scoláirí tacaíocht trí aiseolas éifeachtach a gheobhaidh siad i rith a dturais foghlama.

Measúnú agus an Turas Foghlama

Is é atá i gceist i measúnú na Sraithe Sóisearaí go dtabharfaí léargas níos leithne ar fhoghlaim an scoláire. Tugtar aiseolas leanúnach tacaíochta chun foghlaim scoláirí a chur chun cinn, agus bíonn cúpla príomh-mheasúnú ann sa dara agus sa tríú bliain.

Measúnú Rangbhunaithe 1: Gnó á chur i ngníomh

- Tarlaíonn Measúnú Rangbhunaithe (MRB) 1 ag deireadh an dara bliain agus bíonn ceithre seachtaine ag scoláirí leis an MRB seo a dhéanamh.
- Tá sé le déanamh i ngrúpaí de thriúr go cúigear scoláirí agus tá trí rogha ar fáil: **Fiontraíocht á cur i ngníomh, Eacnamaíocht á cur i ngníomh** nó **Airgeadas á chur i ngníomh**.



Measúnú Rangbhunaithe 2: Cur i láthair

- Tarlaíonn sé seo ag deireadh an chéad téarma sa tríú bliain thar thréimhse thrí seachtaine.
- Láithreoireacht aonair a mhairfidh 3 nóiméad.
- Tugann sé deis do scoláirí a gcuid eolais, scileanna agus tuisceana a chur i bhfeidhm i suíomhanna san fhíorshaol agus a gcuid scileanna cumarsáide a fhorbairt freisin.

Tar éis gach MRB a bheith déanta, bíonn cruinniú in **Athbheithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair** (AFMÁ) ann chun foghlaim scoláirí a phlé agus cleachtas éifeachtach a chomhroinnt.

Tasc Measúnaithe

- Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe sa tríú bliain déanann scoláirí Tasc Measúnaithe machnaimh.
- Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanann measúnú ar an Tasc Measúnaithe. Bronntar 10% de na marcanna air a úsáidtear chun an grád a shocrú a bhronnfaidh an CSS don scrúdú deiridh.

Scrúdú Deiridh

- Bíonn sé seo ann ag deireadh an tríú bliain mar is gnách, agus is é an CSS a shocraíonn agus a mharcálann é.
- Páipéar scrúdaithe amháin ag leibhéal comónta.
- Mairfidh sé dhá uair ar a mhéad.